



ADVANCED
General Certificate of Education
2009

StudentBounty.com

Tíreolaíocht

Aonad Measúnaithe A2 2
ag measúnú

Modúl 5: Próisis agus Saincheisteanna sa Tíreolaíocht Dhaonna


[A2G21]

DÉ MÁIRT 19 BEALTAINE, IARNÓIN

LEABHRÁN
ÁISEANNA

ÁIS 1A

OILEÁN PRINCE EDWARD



ÁIS 1B

IMIRCE EORPACH GO hOILEÁN PRINCE EDWARD

Is é Oileán Prince Edward an cúige is lú i gCeanada agus bhí 136 000 duine ann in 2006. Sna blianta tosaigh nuair a thosaigh Eorpaigh ag dul isteach i gCeanada, bhí sé ina ábhar coimhlinte idir an Bhreatain agus an Fhrainc, agus bhí an bua ag an Bhreatain in 1763. I suirbhé ó 1764–66 roinneadh an t-oileán ina 67 “mír”, a dáileadh ansin trí chrannchur ar úinéirí talaimh a bhí freagrach ansin as lonnú na limistéar a bhuaigh siad. Ba as an Bhreatain agus as Éirinn tromlach na n-imirceach agus bhí an chuid is mó den oileán á úsáid mar thalamh feirme, mar a raibh líonra de lonnaíochtaí beaga agus dhá chathair, Summerside agus an phríomhchathair, Charlottetown. Tá an patrún céanna seo ann sa lá atá inniu ann agus is minic a leanann bóithre tuaithe teorainneacha na míreanna go fóill. Is beag imirce a bhí ann isteach go hOileán Prince Edward ó lár an 19ú haois.

Sular tháinig na hEorpaigh chuig an oileán bhí cúpla míle Indiach Mi’kmaq ina gcónaí ann (tugtar First Nations ar threibheanna i gCeanada), a cuireadh amach óna dtailte go dtí ceithre “thearmann”. Is é Oileán Lennox an ceann is mó acu (daonra 252 in 2006) mar a bhfuil an inscríbhinn seo ar leac chuimhneacháin: “Faoi na 1760í bhí na tailte uile dálte ag na Briotanaigh ar na daoine uaisle acu, agus na Mi’kmaq coinnithe amach óna dtí dhúchais dá bharr. Ar deireadh cheannaigh an Aborigines Protection Society i Londain Oileán Lennox do Mi’kmaq dúchasacha Oileán Prince Edward. Tá lonnaíocht sheasta Mi’kmaq ar Oileán Lennox ó na 1800í”.

Foinse: *An Príomhscrúdaítheoir*

ÁIS 1C

TEARMANN MI'KMAQ AR OILEÁN LENNOX

StudentBounty.com



1. Slógadh Mi'kmaq (cruinníú traidisiúnta)



2. Iascaireacht ghliomach ó Oileán Lennox



3. Coimpléasc éiceathurasóireachta á
reáchtáil ag "Lennox Island
Aboriginal Ecotourism"



4. Scoil Oileán Lennox

Foinse: An Priomhscríðaitheoir

ÁIS 2A

“MNÁ: NÍOS MÓ NÁ MÁITHREACHA”

Fiche bliain ó shin, lainseáladh an Safe Motherhood Initiative ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus grúpaí eile le tinneas agus bás de dheasca iompar clainne, ar fadhb ollmhóra dhomhanda iad, a laghdú. Ar an drochuair, is é an drochscéal céanna é sa lá atá inniu ann. I dtíortha i mbéal forbartha tagann tinneas ar os cionn 300 milliún bean mar gheall ar thoircheas agus ar bhreith clainne; faigheann beagnach 536 000 acu bás gach bliain. Ina theannta sin, i gcás leanaí nuabhithe a bhfuair a máithreacha bás le linn breith clainne, tá sé idir trí huaire agus deich n-uaire níos dóichí go bhfaighidh siad bás faoi cheann dhá bhliain, ná leanaí ar tháinig a máithreacha slán. Is ábhar díomá é gur beag dul chun cinn atá déanta leis na básanna seo, atá inchoiscthe den chuid is mó, a stopadh. Na meastacháin nua ar bhásmaireacht máithreacha do 2005 agus na treochtaí réigiúnda básmhaireachta ó 1990 anuas, léiríonn siad gur san Afraic fho-Shahárach agus san Áise a tharlaíonn tromlach na mbásanna, agus go bhfuil an scéal chomh dona céanna san Afraic fho-Shahárach le 15 bliana anuas. Na naisc idir sláinte mháthartha, stadas na mban agus forbairt is leithne, tacaíonn siad leis an tuairim go rachaidh sé chun tairbhe do rialtais agus do theaghlaigh má infheistítear i mná agus ina sláinte, agus cuireann tionscnaimh nua, i dtéannta le suimeanna ollmhóra airgid, in iúl go bhfuiltear ag dul i ngleic i ndáiríre le fadhb shláinte na máithreacha agus na leanaí. Seo an t-am ríthábhachtach leis an fhaillí mhillteanach stairiúil seo a chur ina ceart. Ní ghlacfar a thuilleadh le leithscéalta nó le moill ar bith. Is fiú troid ar son chearta na mban; féadtar agus caithfear iad a choinneáil beo.

"Cfcrvgf 'h qo 'Í 'Vj g'Ncpiegv 'Xqmw g'592. 'Kuug", 7; 7.'Rci g'34: 5. '\$Y qo gp<o qt g'j cp'o qj gt u\\$'Vj g'Ncpiegv "eqr/t k j v '35'Qeqdgt '4229." y kj "rgt o kuukp'h qo 'Gugxgt

ÁIS 2B

CÓIMHEASA BÁSMHAIREACHT MHÁTHARTHA

Áit	Básanna máthartha sa 100 000 beobhreith	
	1990	2005
Gach thír fhórbartha (MEDC)	11	9
Comhlathas na Stát Neamhspleáach (an tlarr-aontas Sóivéideach)	58	51
Tíortha i mbéal forbartha (LEDCí):		
An Afraic Thuaidh	246	157
An Afraic fho-Shahárach	921	905
An Áise	410	329
Meiriceá Laidineach & Tíortha na Cairibe	179	132
An Agéine (An Astráil agus an Nua-Shéalaínn as an áireamh)	548	427
Meán iomlán	425	402

Foinse: sonrai as K. Hill et al “Estimates of maternal mortality worldwide between 1990 and 2005: an assessment of available data”, The Lancet, 370, Eagrán 9595, 13–19 Meán Fómhair 2007, Ich. 1311–19

ÁIS 3A

COIMHLINT EITNEACH I DTÍOMÓR THOIR


Tá stair chorach ag oiléan Tíomór san Aigéan Indiach. Roinn cumhactaí na hEorpa é ina leath, Tíomór Thiar faoi rial na hÍsiltíre agus Tíomóir Thoir faoi rial na Portaingéile. D'imigh na hÍsiltírigh as Tíomór Thiar in 1949 agus ghlac an Indinéis seilbh air. Nuair a d'imigh na Portaingéiligh as Tíomór Thoir in 1975 rinne an Indinéis ionradh air agus ba le lámh láidir a chuir siad a rial i bhfeidhm. Ar feadh cúig bliana is fíche ina dhiaidh sin bhí coimhlint ghéar i dTíomór Thoir idir Arm na hIndinéise agus grúpaí treallchogaithe a bhí ag troid ar son neamhspleáchais. Meastar go bhfuair suas le 100 000 Tíomórach Thoir bás sa choimhlint seo. Cuireadh i leith an phobail idirnáisiúnta gur thug sé neamhaird ar an fhorghabháil, nó gur thacaigh sé léi trí airm a thabhairt don Indinéis. Thoiligh an Indinéis, faoi dheireadh thiar thall, in 1999 ligean do na Tíomóraigh Thoir rogha a dhéanamh idir neamhspleáchas agus féinrial áitiúil. Is cosúil go raibh an t-arm ag cuidiú le mílísce a bhí dílis don Indinéis agus iad ag iaraidh scéimhle a úsáid le daoine a stopadh ag vótáil ar son neamhspleáchais, ach saothar in aisce a bhí ann.

Nuair a léirigh an reifreann go raibh tacaíocht ollmhór ann don neamhspleáchas, chuaigh an mílísce ar mire, mharaigh siad na céadta duine agus rinne léirsrios ar chathracha. Chuir fórsa idirnáisiúnta coimeádta síochána deireadh leis an uafás agus réitigh an bealach do mhisean na Náisiún Aontaithe a chuidigh le Tíomór Thoir a chur ar a bhoinn arís. Tá atógáil Tíomór Thoir ar an scéal is rathúla riaghthacht de chuid na NA. Ba i mí Bhealtaine 2005 a tháinig Misean Tacaíochta na NA i dTíomór Thoir, Unmiset, chun deiridh. Agus é ar na tíortha is boichte san Áise, beidh Tíomór Thoir ag brath ar chuidiú ón taobh amuigh le blianta fada. Tá infrastruchtúr na tíre go dona agus bionn triomach go minic ann. Tá féidearthachtaí iontacha, áfach, ag baint le holacheantair agus le gáscheantair ollmhóra a fuarthas le déanaí amach ón chósta sa Mhuij Thiomór. Tháinig Tíomór Thoir agus an Astráil ar chomhaontú ar na mallaibh an t-airgead ó na hacmhainní a roinnt. Mar chuid den mhargadh, cuireadh an t-aighneas faoin teorainn idir Tíomór Thoir agus an Astráil ar an mhéar fhada.

Cfcrvgf 'Itqo "cp"ctvkgzEqwpvt /'rtqlkpgzGcuVko qt.'6'Crtkl/422; 'I 'Itqo 'DDE 'Pgy u'c v'ddeQqQmfp gy u

ÁIS 3B

LÉARSCÁIL SUÍMH DE THÍOMÓR A THAISPEÁNANN RANNA POLAITIÚLA AGUS AN INDINÉIS



ARGÓINT SAN EILVÉIS FAOIN PHÓSTAER DEN CHAORA DHUBH

Tá argóint pholaitiúil i ndiaidh briseadh amach san Eilvéis mar gheall ar phóstaer feachta Pháirtí Mhuintir na hEilvéise (SVP) de chuid na heite deise, atá dírithe ar dhíbirt eachtrannach cónaitheoirí gan saoranacht Eilvéiseach – a dhéanfadh coireanna. Tá an póstaer, a thaispeánann 3 chaora bhána i mbun caora dhubbh a chiceáil, le feiceáil fud fad na tíre roimh olltoighcháin ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair [2007]. Tá grúpaí inimirceacha san Eilvéis, páirtithe de chuid na heite clé agus na Náisiúin Aontaithe ag gearán gur ciníochas amach is amach atá sa phóstaer.

Tá Páirtí Mhuintir na hEilvéise, an páirtí is mó sa pharlaimint faoi láthair agus atá chun tosaigh sna pobalbhreitheanna, ag iaraidh dlí nua a cheadódh teaghlaigh eachtrannach a dhíbirt dá gciontófaí ball ar bith den teaghlaigh i gcoir fhóréigineach, i gcoir drugaí nó i gcalaois sochair. Is eachtrannaigh corradh agus 20% de phobal na hEilvéise. Tá a mórchuid ina gcónaí sa tir le blianta fada anuas, agus ba san Eilvéis a rugadh tuairim is trian acu. Tá sé iontach deacair go fóill saoránacht na hEilvéise a fháil, agus níl aon cheart ag páistí, nó ag garpháistí féin, a rugadh d'eachtrannaigh a bheith aitheanta mar Eilvéisigh. Maíonn Páirtí Mhuintir na hEilvéise gur mó coireanna a dhéanann na heachtrannaigh ná na hEilvéisigh, agus go bhfuil sé inchosanta mar sin iad agus a dteaghlaigh a dhíbirt. Le firinne, níl na staitisticí coireachta soiléir mar ní ar an dóigh chéanna a chomhairítear coireanna i réigiúin uile na hEilvéise. Rinne an Roinn Fheidearálach um Eachtrannaigh staidéar agus fuarthas amach gur cosúil, ar an chéad amharc, gur mó coireanna a dhéanann eachtrannaigh ná Eilvéisigh, ach gur dóichí gurb iad na heachtrannaigh, fir óga go háirithe, a chuíseofar – nuair nach dtabharfaí ach rabhadh d'Eilvéisigh as na coireanna céanna a dhéanamh. Fuarthas amach chomh maith gur dóichí eachtrannaigh óga san Eilvéis a bheith difhostaithe agus ina gcónaí i gceantair ar bheagán deiseanna ón taobh sóisialta de, ná na hEilvéisigh.

Is minic a chaintear beartaíocht Pháirtí Mhuintir na hEilvéise, ach is cosúil go ndeachaigh sé thar fóir an iaraidh seo. Fud fad na tíre, milleadh na céadta póstaer den chaora dhubbh, go minic le focal amháin – “Náire”.

Adapted from an article: Swiss row over black sheep poster by Imogen Foulks, 6 September 2007, © from BBC News at bbc.co.uk/news



Fonóta: Ciallaíonn an foscríbhinn “Ar son slándála is mó”

Foinse: remarksandculture.cafebabel.com

LONNAÍOCHT NUA IN STIRLING


Is cathair stairiúil Stirling i lár na hAlban. I bplean struchtúir 2002 sainaithníodh go raibh roinnt milté teach nua de dhíth ann, agus gur taobh amuigh den chathair a chaithfí a mbunús a thógáin. Socraíodh gur i lonnaíocht nua amháin a dhéanfaí an chuid ba mhó den tógáil seachas í a bheith scaipithe i measc na sráidbailte atá ann cheana féin (lonnaíochtaí leathnaithe). Cuireadh trí shuíomh ar an ghearrliosta: Durieshill, Sauchenford agus Greendykes. Ceapadh comhairleoirí le comhairle a thabhairt ar an rogha ab fhéarr, agus inrochtaineacht agus iompar; timpeallacht agus éifeachtúlacht fuinnimh; pobal agus cóir shóisialta agus srianta infrastruchtúir á gcur san áireamh. Léirigh a gcuid ríomhanna gur Greendykes an rogha ab fhéarr, Sauchenford ina dhiaidh sin agus ansin Durieshill. Bhí Durieshill san áit deiridh maidir le hiompar inbhuanaithe, toisc é a bheith scartha ó Stirling ag príomhbhóthar agus toisc gan nasc iarnróid a bheith ann; bhí sé sa triú háit sa chomhairliúchán pobail chomh maith.

Toisc go mbeadh Greendykes sa chrios ghlas, áfach, arna leathnú, ní fhéadfaí an tithíocht nua a chur sa sráidbhaile seo. Dá gcuirfí le Sauchenford, síleadh go mbeadh éifeacht ann ar Bannockburn mar gheall ar thrácht breise agus go mbeadh an baol ann go dtiocfadh an dá lonnaíocht seo le chéile agus sraoilleáil uirbeach an toradh a bheadh air. Shíl an chomhairle gurb é Durieshill an t-aon suíomh amháin a chuir sraoilleáil uirbeach san áireamh ina hiomláine agus nach gcuirfeadh sé isteach ar shuíomh tírdhreacha Stirling, agus fógraíodh, mar sin, pleán le haghaidh 2500 teach chomh maith le háiseanna eile a thógáil ar shuíomh 250 heicteár idir 2004–16. Na grúpaí sin nach raibh sásta nuair a diúltáiodh do Greendykes a bhí ina rogha ab fhéarr ag na comhairligh agus ag an phobal, rinne siad agóidí in éadan an chinnidh seo. D’iarr cuid acu lonnaíochtaí leathnaithe a thógáil de rogha ar an lonnaíocht nua agus rinneadh líomhaintí i leith chathair Stirling go raibh sé ag iarraidh an fás a chur “as radharc”. Mhaigh na húdaráis in Stirling nach mbeadh sé sin á dhéanamh acu “mura mbeadh orainn éileamh an fheidhmeannais (in Albain) le haghaidh tuilleadh tithíochta a chomhlíonadh”. Tá agóidí dlíthiúla á ndéanamh in aghaidh scéim Durieshill.

Foinse: arna chur in oiriúint as M. Pacione (2005) “Planning urban growth in Scotland: the new settlement option”, Scottish Association of Geography Teachers [SAGT] Journal, 34, lch. 84–99.

ÁIS 5B

LÉARSCÁIL STIRLING



Foinse: atarraingthe ó M. Pacione (2005) "Planning urban growth in Scotland: the new settlement option", Scottish Association of Geography Teachers [SAGT] Journal, 34, Ich. 84–99

ÁIS 6A

STRAITÉIS BHAINISTÍOCHT TRÁCHTA IN DURHAM



Lár stairiúil Durham, mar ar tugadh isteach crios táillí £2 in 2002 agus mar a raibh laghdú ar na leibhéil tráchta ó 2,000 go 200 feithicil sa lá faoi 2003.

Foinse: An Príomhscrúdaitheoir

ÁIS 6B

STRAITÉIS BHAINISTÍOCHT TRÁCHTA I LONDAIN

- Is é £5 sa lá an táille ar bhrú tráchta (méadaithe go £8 ó shin) as feithicil a thiomáint nó a pháirceáil ar bhóithre poiblí taobh istigh de chrios táillí Londain láir idir 7.00 am agus 6.30 pm ón Luan go dtí an Aoine gan deireadh na seachtaine ná saoirí poiblí san áireamh.
- Tá feithiclí agus úsáideoirí áirithe saor ó tháille an bhrú tráchta nó is féidir leo lascaine a fháil.
- Tugadh isteach táille ar bhrú tráchta Londain láir leis an bhrú tráchta a laghdú i lár na príomhchathrach mar ba mheasa é.
- De réir dlí, sa chéad deich mbliana, caithfear an t-airgead glan uile a fhaightear ó na táillí ar bhrú tráchta a úsáid leis an chóras iompair i Londain a fheabhsú.
- Is minic gurb é iompar poiblí an modh taistil is éifeachtúla i Londain láir. Bíonn traenacha faoi thalamh ann ón mhaidin luath go dtí go mall san oíche. Bíonn busanna abhann ar an chuid sin d'abhairn an Thames atá istigh sa chrios táillí. Agus is mó busanna atá anois ann ná riamh.

Foinse: arna chur in oiriúint as bileog a éisíodh ag Méara Londan agus Transport for London, Your Guide to the central London congestion charge.

FORBAIRTÍ TURASÓIREACHTA FEADH CHÓSTA NA MEÁNMHARA

Is í an Mheánmhuir an bun scríbe turasóireachta is tarraigtí ar domhan anois. Gach bliain téann tuairim is 220 milliún turasóir – a bhformhór ó chathracha na hEorpa Thuaidh – chun a cuid cóstaí. Faoi 2020, réamh-mheastar go mbeidh 350 milliún duine ag dul ann – daonra na Stát Aontaithe. Ar an Costa del Sol inniu is ar éigean atá bearna san fhorbairt chóstá ó Malaga go Gibraltar. Tá an chomhchathair uirbeach seo chomh mór sin anois go bhfuiltear ag tagairt di mar an dara cathair is mó sa Spáinn. Tá an chuid is mó de chóstáí na Fraince agus na hIodáile faoi fhoirgnimh agus faoi 2020 táthar ag súil le go mbeidh an leathchuid de na 46 000 km de chóstá na Meánmara faoi fhoirgnimh – agus an chuid is mó den fhorbairt ag riarr ar earnáil na turasóireachta. Idir an Spáinn agus an tSicil, tá 75% de ghnáthóga na ndumhcha agus a mbithéagsúlacht scriosta ag uirbiú a bhaineann le turasóireacht. Dar leis an eagraíocht caomhnaithe, WWF, tá corradh agus 500 speiceas planda sa Mheánmhuir i mbaol a ndíothaithe toisc go bhfuil a ngnáthóga nádúrtha scriosta.

Gach bliain cuireann na turasóirí brú millteanach ar acmhainní agus cruthaítar méid ollmhór de dhramhaíl – a dtéann a mórchuid isteach san fharraige. San ard-séasúr is minic gur mó an dramhaíl ó na limistéir turasóireachta ná an cumas é a scaipeadh. Tá géarchéim i dtíortha áirithe sa Mheánmhuir maidir leis an soláthar fionnusce, go háirithe oiléáin na Spáinne agus na Gréige mar nach mbíonn ach beagán báistí, mar a bhfuil na dobharcheantair beag agus an cumas stórála teoranta. Le linn shéasúr shaoire an tsamhraidh, bíonn méadú ar an éileamh don soláthar fionnusce díreach nuair is lú é mar gheall ar fhrasaíocht. Úsáideann Spáinnigh na gcathracha tuairim is 250 lítear d'uisce sa lá ach a dhá oiread sin nach mór a úsáideann turasóir de ghnáth. Ní úsáid phearsanta amháin atá i gceist anseo. Tá na céadta milliún lítear i linnté snámha, atá suite go minic díreach in aice na farraige. Caithfear galbúrsaí na Meánmhara a uisciú agus úsáidtear os cionn 2.3 milliún lítear d'uisce gach lá chun é a dhéanamh. Gach bliain réitítear 5000 heicteár – leathchuid mhéid Pháras – le spás a dhéanamh dóibh.

Foinse: Scéal ó nuacht BBC <http://news.bbc.co.uk/go/pr/fr/-/1/hi/sci/tech/4612895.stm>
Arna fhoilsíú: 2005/06/06 12:09:40 GMT

DEIREADH LE TIONSCAL NA GCARRANNA SA BHREATAIN?

I mí Aibreáin 2005, d'fhógair an Rúnaí Trádála agus Tionscail gur cuireadh stop le táirg Carranna ag MG Rover in Longbridge, Birmingham agus gur chaill 7000 duine a bpost. Bhreis ar an ghéarchéim láithreach i limistéar Birmingham, bhíothas amhrasach chomh maith faoin chuid eile de thionscal dhéantúsaíochta na gcarranna sa Ríocht Aontaithe.

Cé gurb é MG Rover an t-olلتairgeoir carranna deireanach ar le Briotanaigh é, tá roinnt monarchan Carranna sa tír ar le húinéirí eachtrannacha iad. Na monarchana ollmhóra seo, a chuireann 1.1% leis an OTN agus, in éineacht le soláthróirí compháirteanna, a phostaíonn 237 000 duine, an bhfuil an baol ann go rachaidh siad an bealach céanna le Longbridge? Le hinmharthanacht eacnamaíoch a chinntiú, caithfidh déantóirí Carranna 200 000 feithicil ar a laghad a dhéanamh sa bhliain. De réir an tomhais seo, is iad déantúsóirí charranna na Seapáine amháin atá slán sábháilte. Tá buntáiste festa ag comhlachtaí Seapánacha, a thosaigh i mbun déantúsaíochta go mall sa RA le linn na 1980í, as monarchana is nua agus is éifeachtúla a bheith acu. Is fearr ná riagh na cúrsaí táirgeachta ag monarchana Toyota agus Honda anois, agus tá Nissan chóir a bheith ag barr a chumais. Tá siad uile ag gnóthú brabúis. Bhí ar roinnt comhlachtaí Briotanacha dúnadh le blianta beaga anuas mar gheall ar an bhrú, Ford ag Dagenham agus Vauxhall ag Luton ina measc. Ó 1999 tá táirgeadh Carranna sa Bhreatain i ndiaidh titim faoi 8.3% anuas go 1.64 milliún feithicil sa bhliain.

Ní bhaineann na fadhbanna in MG Rover leis an monarcha i Longbridge amháin. Bhí tuairim is 6500 duine ar fostú go díreach ag an chomhlacht, ach tá suas le 50 000 duine ag obair i gcomhlachtaí eile a sholáthraíonn compháirteanna agus seirbhísí do MG.

Le 10 mbliana anuas, tá comhlachtaí compháirteanna na Breataine in iomaíocht ghéar le soláthróirí a d'athlonnáigh an córas táirgthe acu i dtíortha amhail an tSín agus an India. Ó bhí 1998 ann, tá titim de 16% ar líon na ndaoine atá ar fostú in earnáil compháirteanna na RA go dtí 142 000 agus i gcás gnáthchairr a chuirtear le chéile sa Bhreatain, ní thagann ach idir 20% agus 25% de na páirteanna ón Bhreatain féin.

Foinse: Arna chur in oiriúint as alt a foilsíodh in The Independent Aibreán 10 2005 le Melanie Bien
http://news.independent.co.uk/business/analysis_and_features/article917.ece

StudentBounty.com

StudentBounty.com

StudentBounty.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.

I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.